

Cruachás an Lucht Siúil

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fheachtas nua atá seolta ag Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus ar na frásaí thíos?



- *appropriate and safe accommodation*
- *their living conditions*
- *rats*
- *polluted water*
- *raw sewerage*
- *toxic air*
- *heart-break, agony*
- *bad state*
- *the local authorities were bullying, condemning*

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair.

1. Cum ceisteanna le cur ar an duine in aice leat faoi ábhar na míre. Mar shampla:

Cad atá Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe ag iarraidh ar an gComhairle Cathrach agus ar an gComhairle Contae?

2. Cuir na ceisteanna a chum tú ar an duine in aice leat. Beidh an duine sin ag cur ceisteanna ortsa freisin.

Ceist 3

Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cuir Gaeilge ar na focail Bhéarla seo a leanas a d'úsáid Margaret Ó Riada, agus scríobh síos a ndúirt sí arís gan focal Béarla.

- *task force* _____
- *solutions* _____
- *chalet(s)* _____
- *plumbed* _____
- *dump* _____

2. Botún coitianta atá ann claochlú tosaigh a fhágáil ar lár. An féidir leatsa an claochlú tosaigh a bhreacadh isteach sna habairtí thíos a bhí le cloisteáil sa mhír?

Ní féidir le cailín nó le buachaill dul ar scoil má tá siad ina cónaí i teach nó i carbhán atá fuar. Má tá ... mura bhfuil siad in ann codladh, mura bhfuil siad in ann an obair baile a dhéanamh má tá siad rófuar.

Cuir do chuid freagraí i gcomparáid leis an duine in aice leat. An ndearna sibh na hathruithe céanna?

Ceist 4 ‘...cóiríocht **chuí**...’

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal **cuí**?
2. An bhfuil na focail thíos firinscneach nó baininscneach? Bain amach na lúibíní agus athraigh na haidiachtaí más gá. Tá an chéad cheann déanta duit.

- gluaiseacht (suimiúil)	(bain.)	<i>gluaiseacht shuimiúil</i>
- feachtas (mór)		_____
- fadhb (millteanach)		_____
- teaghlach (saibhir)		_____
- sláinte (maith)		_____
- plean (cuimsitheach)		_____
- buachaill (dána)		_____
- lóistín (cuí)		_____

Ceist 5 ‘...idir **chorp agus intinn**...’

Freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an dá ainmfhocal: *idir **chailíní agus bhuachaillí***?
2. Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar ‘dochtúirí’: *idir **bhanaltraí agus dochtúirí***?
3. Cén fáth nach bhfuil aon séimhiú sa sampla: *idir **Dún na nGall agus Baile Átha Cliath***?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An gcaitear go maith leis an lucht siúil in Éirinn, dar leat?
2. Cad atá ar eolas agat faoi stair an lucht siúil in Éirinn?
3. Conas a d’fhéadfaí an caidreamh a fheabhsú idir an pobal socraithe agus an lucht siúil, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- *appropriate and safe accommodation* – cóiríocht chuí agus shábháilte
- *their living conditions* – a gcoinníollacha maireachtála
- *rats* – francaigh
- *polluted water* – uisce truailithe
- *raw sewerage* – séarachas amh
- *toxic air* – aer nimhiúil
- *heart-break, agony* – crá croí
- *bad state* – droch-chaoi
- *the local authorities were bullying, condemning* – bhí na húdaráis áitiúla ag tromaíocht ar

Ceist 2

Ceisteanna samplacha:

- Cad iad cuid de na fadhbanna atá ag teaghlach atá ina gcónaí in aice leis an láithreán dumpála?
- Cad a dúirt Angela Delaney faoin scéal?
- Cad é *Traveller Homes Now*?
- Cad a dúirt Peter McVerry faoi na húdaráis áitiúla?
- Cad iad na tuairimí a bhí ag Margaret Ó Riada agus ag Chris McInerney?

Ceist 3

1. *task force* tascfhórsa
solutions réitigh
chalet(s) sealla(i)
plumbed a bhfuil pluiméireacht iontu / atá ceangailte leis an gcóras uisce
dump dumpa

Caithfidh an Chomhairle Contae agus an Chomhairle Cathrach teacht le chéile leis na heagrais eile agus plean nó straitéis agus tascfhórsa a bhunú chun réitigh a fháil. An rud atá ag teastáil uainn ná sealláí, sealláí a bhfuil pluiméireacht iontu ar shuíomh nach bhfuil in aice leis an dumpa.

2. Ní féidir le cailín nó le buachaill dul ar scoil má tá siad ina **g**cónaí i **d**teach nó i **g**carbhan atá fuar. Má tá ... mura bhfuil siad in ann codladh, mura bhfuil siad in ann an obair **b**haile a dhéanamh má tá siad ró**h**uar.

Ceist 4

1. Tá an focal *cóiríocht* baininscneach agus dá bhrí sin cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann é.
2. Tá idir fhocail bhaininscneacha agus fhocail fhirinscneacha sa liosta.

gluaiseacht	(bain.)	<i>gluaiseacht shuimiúil</i>
feachtas	(fir.)	<i>feachtas mór</i>
fadhb	(bain.)	<i>fadhb mhillteanach</i>
teaghlach	(fir.)	<i>teaghlach saibhir</i>
sláinte	(bain.)	<i>sláinte mhaith</i>
plean	(fir.)	<i>plean cuimsitheach</i>
buachaill	(fir.)	<i>buachaill dána</i>
lóistín	(fir.)	<i>lóistín cuí</i>

Ceist 5

1. Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann *idir* nuair is é 'araon' atá i gceist.

2. Cé go gcuirtear séimhiú ar na hainmfhocail a leanann *idir* nuair is é ‘araon’ atá i gceist, ní shéimhítear an t-ainmfhocal a thosaíonn le *d*, *t*, nó *s* a thagann i ndiaidh *agus* nó *is*.
3. Ní chuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann *idir* más ‘eatarthu’ (spás nó am) atá i gceist.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais. Tá Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe ag iarraidh ar an gComhairle Cathrach agus Contae gníomhú láithreach le cóiríocht chuí agus shábháilte a chur ar fáil don lucht siúil. Tá feachtas nua tosaithe ag pobal lucht siúil na Gaillimhe le haird a tharraingt ar chomh dona is atá a gcoinníollacha maireachtála.

Eibhlín Ní Choistealbha

Francaigh, uisce truailithe, séarachas amh, meirg, fuacht agus aer nimhiúil ón láithreán dumpála – tadar¹ ar fad i measc na bhfadhbanna atá ag teaghlach de chuid an lucht siúil atá ag maireachtaint² i gCeathrú an Bhrúnaigh ar imeall Chathair na Gaillimhe.

Tá Angela Delaney i measc na dtrí theaghlach déag³ atá lonnaithe ar thaobh amháin i gCeathrú an Bhrúnaigh ó 2010 agus deir sí go bhfuil na coinníollacha ag cur isteach go mór ar a sláinte, idir chorp agus intinn, agus gur crá croí atá ann dóibh gach aon lá. Ach is mó ná suíomh Cheathrú an Bhrúnaigh atá i ndroch-chaoi a deir pobal an lucht siúil.

Inniu, reáchtáladh an chéad fhiosrúchán poiblí faoi Chóiríocht don Lucht Siúil i gCathair na Gaillimhe, áit ar⁴ labhraíodh go paiseanta faoi na fadhbanna agus seoladh an feachtas *Traveller Homes Now*. Dúirt an tAthair Peter McVerry go raibh na húdaráis áitiúla ag tromaíocht ar an lucht siúil agus go gcaithfeadh athrú teacht air sin.

Margaret Ó Riada, Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe

Caithfidh an Chomhairle Contae agus an Chomhairle Cathrach teacht le chéile leis na heagrais⁵ eile agus plean nó straitéis agus *task force* a bhunú chun teacht suas leis na *solutions*. An rud atá ag teastáil uainn ná *chalets*, *plumbed chalets* ar shuíomh⁶ nach bhfuil in aice leis an *dump*.

Chris McInerney, Léachtóir le Riarachán Poiblí, Ollscoil Luimnigh

Ní féidir le cailín nó le buachaill dul ar scoil má tá siad ina gcónaí i dteach nó i gcarbhán atá fuar. Má tá ... mura bhfuil siad in ann codladh, mura bhfuil siad in ann an obair bhaile a dhéanamh má tá siad rófhuar. So, sin roinnt de na fadhbanna agus leanann na fadhbanna sin ón lóistín.

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá gach a bhí i láthair inniu ag súil go mór go gcinnteoidh an feachtas nuabhunaithe go gcuirfí lóistín sláintiúil agus sábháilte ar fáil do phobal lucht siúil na Gaillimhe.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4, Gaillimh.

¹ Tá siad an leagan caighdeánach

² maireachtáil an leagan caighdeánach

³ an trí theaghlach déag a dúradh

⁴ gur a dúradh

⁵ na heagraisí a dúradh

⁶ ar suíomh a dúradh